Eispéireas foghlama 4: Iontráil oscailte – deiseanna cainte neamhfhoirmeálta

Téama: *Folláine agus leas*, Aidhm 1 agus Sprioc foghlama 3

Aoisghrúpa: Mamailínigh agus leanaí

Suíomh: Sa bhaile agus seisiún naíonra

Fáiltíonn Mina roimh na leanaí agus a dtuismitheoirí de réir mar a shroicheann siad an naíonra gach maidin. Dar léi, tá na cúig nóiméad teagmhála sin thar a bheith luachmhar. Sa tréimhse sin is féidir le tuismitheoirí a chur in iúl di más rud é gur mhaith leo comhrá a bheith acu léi i dtaobh a leanaí agus eagraíonn sí am a bheadh oiriúnach dóibh. Ag tús na bliana cuireann sí in iúl dóibh freisin gur féidir teacht uirthi ar an teileafón gach lá ó 1i.n. go dtí 1.30i.n. i gcás go mbeadh aon chúiseanna imní acu, nó chun plé a bheith acu mar gheall ar cé chomh maith is atá ag éirí leis an leanbh sa ghrúpa súgartha. Cuireann sí i gcuimhne dóibh go rialta ina thaobh seo, mar go gcuireann sé ar a suaimhneas iad má choinníonn sí i dteagmháil leo mar seo. Tugann gaolta nó feighlithe roinnt leanaí go dtí an naíonra iad, agus tá an cineál seo teagmhála an-luachmhar le haghaidh tuismitheoirí mar gur féidir leo glaoch a chur ar Mina le linn am lóin.

Thosaigh Mikie (2 bhliain 11 mhí d'aois) ag imirt i ngrúpa súgartha mí ó shin. Tá a mháthair, Lucy, an-chúthail agus déanann Mina iarracht ar leith comhrá a bheith aici léi uair sa tseachtain. Taispeánann Mina rud éigin do Lucy, cosúil le grianghraf de Mikie ag imirt nó pictiúr a tharraing sé. Baineann sí úsáid as seo chun uchtach a thabhairt do Lucy labhairt faoi Mikie. Fiafraíonn sí faoi rudaí is maith leis a dhéanamh sa bhaile agus tugann sí moltaí do Lucy maidir lenar féidir léi a dhéanamh chun cur leis an méid a fhoghlaimíonn sé sa suíomh.

?

Ábhar Machnaimh: Cad iad na straitéisí a d'fhéadfainn a úsáid chun cuidiú le tuismitheoirí a bheith níos muiníní labhairt liom faoina leanaí?

Eispéireas foghlama 5: An nuachtlitir

Téama: *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, Aidhm 4 agus Sprioc foghlama 3

Aoisghrúpa: Mamailínigh agus leanaí

Suíomh: Sa bhaile agus cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha (naíolann)

Chuir foireann na naíolainne Happy Start pacáiste fáilte ar fáil le haghaidh thuismitheoirí na leanaí nua. San áireamh sa phacáiste seo tá ráiteas misin na naíolainne agus eolas ar an gcaoi a dtacaíonn an fhoireann le foghlaim agus forbairt na leanaí. Chomh maith leis sin seolann siad abhaile nuachtlitir gach mí ionas go mbeidh a fhios ag na tuismitheoirí cad iad na hamhráin, scéalta agus gníomhaíochtaí atá ar siúl ag na leanaí. Bíonn na leanaí i mbun cinntí a dhéanamh i ndáil le cén t-eolas atá san áireamh. Seo a leanas sampla de nuachtlitir atá ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i bPolainnis (príomhtheangacha dúchais na leanaí). Tá sé beartaithe ag an bhfoireann freisin teachtaireachtaí téacs a úsáid le haghaidh tuismitheoirí ar mian leo eolas a fháil faoi imeachtaí sa naíolann.

?

Ábhar Machnaimh: Conas is féidir liom tuilleadh eolais a roinnt le tuismitheoirí faoina bhfuil ar siúl ag a leanaí i mo shuíomh?